

**COMHAIRLE CHONTAE DHÚN NA nGALL
CÚNAMH TITHÍOCHTA DO DHAOINE SCOTHAOSTA**

FOIRM IARRATAIS



Léigh na coinníollacha atá faoi iamh sula gcomhlánfaidh tú an fhoirm seo

Caithfear gach ceist a fhreagairt

Scríobh do chuid freagraí go soiléir i mbloclitreacha

**Ná cuirtear tús le hoibreacha go dtí go bhfaighfear cead
críochnaitheach
i scríbhinn ón Údarás Áitiúil**

**Caithfidh gurb é an teach atá luaite san iarratas seo gnátháit
chónaithe an duine a bhfuil deontas á lorg ar a s(h)on**

SONRAÍ AN IARRATASÓRA

Ainm an Iarratasóra: _____

Seoladh: _____

Uimhir Ghutháin: _____ **Uimhir Ghutháin Phóca:** _____

Dáta Breithe: _____ **Uimh. P.S.P.:** _____

Slí Bheatha: _____

**Cé chomh fada agus atá an t-iarratasóir
ina c(h)ónaí ag an seoladh seo?**

_____ de bhlianta

SONRAÍ NA hÁITE CÓNAITHE / AN ÁITRIBH

Cén t-ainm atá ar úinéir an áitribh ina bhfuil na hoibreacha deisiúcháin/feabhsúcháin atá á moladh le déanamh?

An bhfuil aon tinneas ar leith ag cur isteach ar dhuine ar bith den líon tí? Má tá, déan cur síos gairid air agus comhlánaigh an teastas dochtúra atá faoi iamh:

Sonraí faoi na daoine ar fad atá ina gcónaí san áitreabh a bhfuil deontas á lorg ina leith (*an t-iarratasóir féin san áireamh*):

Ainm	Gaol leis an iarratasóir	Dáta Breithe	Ollioncam (an bhliain chánach roimhe)	Slí Bheatha (<i>má bhaineann</i>)

Ollioncam Bliantúil an Líon Tí: € _____
(Déantar tagairt don nóta míniúcháin atá le fáil faoi choinníollacha na scéime)

Cuirtear fianaise isteach ón eagrais Oideachais / Oiliúna i gcás daoine den líon tí atá idir 18 mbliana agus 23 bliana d'aois agus atá ag freastal ar oideachas lánaimseartha nó atá páirteach i bprintíseacht de chuid FÁS.

Líon na seomraí san áitreabh agus cur síos orthu:

	Seomraí Leapa	Seomra Suí	Seomra Bia	Cistin	Seomra Folctha	Eile
Thuas staighre						
Thíos staighre						

Cur síos ginearálta ar na hoibreacha atá á moladh:

Costas measta na n-oibreacha: € _____
(Cuir isteach **aon** luachan amháin i scríbhinn maidir le costas measta na n-oibreacha)

Méid an deontais a bhfuil tú ag déanamh iarratais air: € _____

Iarmhéid na gcostas: € _____

Sa chás nach leor an deontas le costas iomlán na n-oibreacha a chlúdach, an bhfuil tú sásta go bhfuil sé ar d'acmhainn iarmhéid na gcostas a chlúdach?

Tá / Níl _____

Ar íocadh Deontas do Dheisiúcháin Riachtanacha, do Chúnamh Tithíochta Speisialta do Dhaoine Scothaosta, nó do Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothosta roimhe seo leis an duine céanna nó i leith an áitribh céanna? Má íocadh, tabhair na sonraí:

Tuigtear dom feidhm an deontais seo agus glacaim mar chúram orm féin déanamh de réir théarmaí na scéime.

Ní chuirfidh mé tús leis na hoibreacha sula mbeidh cead críochnaitheach don deontas tugtha i scríbhinn agus cuirfidh mé na hoibreacha i gcrích de réir mar a cheadófar iad.

Toilím go gcoinneoidh Comhairle Chontae Dhún na nGall de cheart aici féin aon chigireacht/imscrúdú a dhéanamh a mheasfaidh sí a bheith fóirsteanach agus an t-iarratas á bhreithniú aici.

An duine a bhfuil an deontas á lorg dó nó di, tá cónaí air/uirthi sa teach mar ghnáth-áit chónaithe.

Dearbhaím go bhfuil an t-eolas agus na sonraí atá tugtha thuas ceart agus cruinn agus nach bhfuil aon fhoinsé eile ioncaim ag an lion tí seachas an figiúr atá luaite mar oll-ioncam bliantúil an lion tí.

Síniú an Iarratasóra: _____ **Dáta:** _____

TEASTAS DOCHTÚRA**AN SCÉIM CÚNAIMH TITHÍOCHTA DO DHAOINE SCOTHAOSTA**

Dearbhaím leis seo go bhfuil na hoibreacha atá á moladh ar an fhoirm iarratais faoi iamh riachtanach chun cóiríocht cheart a chur ar fáil do:

AINM: _____

SEOLADH: _____


A BHFUIL AN TINNEAS SEO A LEANAS AIR/UIRTHI: _____

NÁDÚR AGUS GRÁD AN MHÍCHUMAIS (PRIONTÁIL I MBLOCLITREACHA)

AINM AN DOCHTÚRA: _____

STAMPA AN DOCHTÚRA

SEOLADH: _____



SÍNIÚ: _____

DÁTA: _____

DÉAN CINNTE, LE DO THOIL, GO BHFUIL STAMPA DOCHTÚRA AR AN TEASTAS

HO 3

LE COMHLÁNÚ AG AN IARRATASÓIR

Ainm an Iarratasóra: _____

Seoladh: _____

Uimhir Thagartha Cháin Ioncaim*: _____

Ceantar Cánach a dhéileálann le do chúrsaí cánach: _____

Dearbhaím leis seo go bhfuil mo chuid cúrsaí cánach in ord chomh fada agus is eol dom.

Síniú: _____ Dáta: _____

- * Má tá cáin ioncaim á hóc agat faoi ÍMAT (PAYE), nó má tá íocaíochtaí leasa shóisialaigh á bhfáil agat, luaigh d'Uimhir PSP;
Más duine féinfhostaithe tú luaigh an uimhir ar do thuairisceán ioncaim.

LE COMHLÁNÚ AG AN CHONRAITHEOIR

Ainm an Chonraitheora: _____

Seoladh: _____

Guthán: _____

Ceantar Cánach a dhéileálann le do chúrsaí cánach: _____

Uimhir Imréiteach Cánach: _____ Dáta Éaga: _____

Caithfidh an conraitheoir:

- Deimhniú Imréiteach Cánach bailí a chur ar fáil (agus seolfaidh an t-údarás áitiúil ar ais é) nó
- cead a thabhairt don údarás áitiúil a dheimhniú go leictreonach go bhfuil Deimhniú Imréiteach Cánach bailí aige/aici trí úsáid a bhaint as an tsaoráid bhailíochtaíthe ar líne ar láithreán gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim.

Tugann an conraitheoir cead don údarás áitiúil a stádas imréiteach cánach a dheimhniú tríd an uimhir chustaiméara agus uimhir an deimhniú imréiteach cánach a lua. Tá na huimhreacha seo le feiceáil ar an Deimhniú Imréiteach Cánach. Chun an rogha seo a úsáid caithfidh gur ar líne a cuireadh an buniaratas isteach chuig na Coimisinéirí Ioncaim don Deimhniú Imréiteach Cánach nó caithfidh deimhniú a bheith déanta ag an iarratasóir san iarratas “páipéir” go n-aontaíonn sé/sí go mbeidh trú páirtithe in ann a stádas a fhíorú ar líne.

Deimhniú Imréiteach Cánach iniata:

nó

**Cead a thabhairt don Údarás Áitiúil
Imréiteach Cánach a dheimhniú go leictreonach:**

Uimhir Chláráithe Imréiteach Cánach: _____

Caithfidh an Deimhniú Imréiteach Cánach a bheith bailí ar an dáta a bhfaighfear an t-iarratas agus ar an dáta a n-íocfar an deontas.

Seicliosta

Le nach mbeidh moill ann agus d'iarratas á phróiseáil, iarratar ort dul siar air sula gcuirfidh tú isteach chuig an Chomhairle é. Tá an seicliosta thíos ann mar threoir duit, rud a rachaidh chun sochair duit nuair a bheidh d'iarratas á phróiseáil.

▪ Coinníollacha na Scéime

- ✓ Tá coinníollacha na scéime léite agam agus tuigim iad
- ✓ Creidim go dtagann m'iarratas le coinníoll na scéime

▪ Foirm Iarratais

- ✓ Tá na ceistanna uilig ar an fhoirm (HO1) comhlánaithe ina n-iomlán agam
- ✓ Tá m'Uimhir PSP tugtha agam
- ✓ Tá an fhoirm sínithe agam
- ✓ Tá an Teastas Dochtúra (HO2) comhlánaithe agus sínithe agus tá stampa air

▪ Cáipéisí atá mar thaca le d'iarratas

- ✓ Tá fianaise curtha isteach agam ar ioncam an líon tí ó gach foinse
- ✓ Tá fianaise curtha isteach agam maidir le húinéireacht an áitribh nuair is infheidhme
- ✓ Tá luachan miondealaithe amhain curtha isteach agam ar a bhfuil na mionsonraí a bhaineann le costas na n-oibreacha atá á moladh
- ✓ Tá Tuairisc Leictreora iniata agam (má táthar ag cur isteach ar oibreacha athshreangaithe)
- ✓ Tá deimhniú imréiteach cánach an chonraitheora curtha isteach agam
- ✓ Tá fianaise curtha isteach agam ag taispeáint go bhfuiltear ag comhlíonadh gach dualgais i dtaca le cáin maoinne áitiúil

TUGTAR AR AIRD: NÍ FÉIDIR IARRATAS A PHRÓISEÁIL GO DTÍ GO MBEIDH NA FOIRMEACHA AGUS NA CÁIPÉISÍ EILE UILIG ATÁ MAR THACA LEIS AN IARRATAS CURTHA ISTEACH CHUIG AN CHOMHAIRLE.

Coinníollacha na Scéime

▪ Feidhm an Deontais

Tá an Scéim Cúnaimh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta ar fáil chun cuidiú le daoine scothaosta atá ina gcónaí i ndrochthithíocht deisiúcháin nó feabhsúcháin riachtanacha a dhéanamh.

▪ Cé atá i dteideal an deontas a fháil?

Duine scothaosta (atá ina c(h)ónaí ina (h)aonar) ar mian leis/léi deisiúcháin ghinearálta a dhéanamh ar an áitreabh ina bhfuil sé/sí ina c(h)ónaí chun saolré fóna an tí a mhéadú ar dheich mbliana, nó mar sin, sa dóigh nach mbeidh air/uirthi aistriú go teach eile. Caithfidh an duine atá ina c(h)ónaí sa teach a bheith 66 bliain d'aois nó níos sine.

Sa chás go bhfuil níos mó ná duine amháin ina gcónaí sa teach, caithfidh duine amháin acu a bheith os cionn 66 bliana d'aois agus caithfidh aon duine eile atá ina gcónaí sa teach a bheith: -

- Os cionn 66 bliana d'aois
- Ina bpáistí atá faoi 18 mbliana nó
- idir 18 mbliana agus 23 bliana d'aois atá ag freastal ar oideachas lánaimseartha nó atá páirteach i bprintíseacht de chuid FÁS*.

*Caithfear fianaise ón eagrais Oideachais/Oiliúna a chur isteach i gcás daoine sa teach atá idir 18 mbliana agus 23 bliana d'aois agus atá ag freastal ar oideachas lánaimseartha nó atá páirteach i bprintíseacht de chuid FÁS.

I gcásanna eisceachtúla, féadfar iarratais a mheas sa chás go bhfuil duine faoi 66 bliana d'aois ina c(h)ónaí leis an iarratasóir scothaosta. De réir na gcritéar caithfidh gur duine faoi mhíchumas tromchúiseach atá faoi chúram a t(h)uismitheora/t(h)uismitheoirí atá sa duine sa teach atá faoin teorainn aoise .i. gurb iad na daoine scothaosta sa teach na cúramóirí ag páiste/duine níos óige atá faoi mhíchumas mór agus a bhíonn ag brath go huile agus go hiomlán ar na daoine fásta cúram a thabhairt dó/di.

Tá na coinníollacha seo a leanas i bhfeidhm chomh maith:

- (a) Caithfidh gurb é gnátháit chónaithe an iarratasóra an t-áitreabh atá i gceist.
- (b) Is ionann na deisiúcháin agus iad siúd atá riachtanach le cur le saolré fóna an tí, cé gur lú iad ná na deisiúcháin atá de dhíth leis an teach a chóiriú ar gach dóigh.

▪ Cén cineál oibre atá clúdaithe?

Féadfar an deontas, nach deontas le haghaidh atógála é, a íoc i leith deisiúcháin / feabhsúcháin ar theach sa chás, i dtuairim an Údaráis Áitiúil, gur deisiúcháin / feabhsúcháin iad atá go réasúnta riachtanach chun cur le saolré fóna an tí, cé gur lú iad ná na deisiúcháin / feabhsúcháin atá de dhíth leis an teach a fhágáil fóirsteanach ar gach dóigh.

I measc na gcineálacha oibreacha ar féidir iad a bhreithniú tá deisiúcháin / feabhsúcháin ar fhuinneoga / ar dhoirse, ar an díon, ar an simléar, ar thirimlíneáil/phlastráil, ar athshreangú, ar aláraim dheataigh, ar oibreacha feabhsaithe radóin, ar shaoráidí uisce / séarachais.

Fuinneoga agus Doirse

Is le haghaidh oibreacha riachtanacha amháin a tharlaíonn de bharr fuinneoga agus doirse a bheith ag deireadh a saolré nádúrtha mar gheall ar ghnáthúsáid agus síonchaithimh, ach chan de bharr drochdhearadh ná drochthógáil ná droch-chothabháil. Ní hionann fuinneoga atá déanta d'adhmaid bog nó atá aonghloinithe a bheith ann agus an t-iarratasóir a bheith i dteideal deontais.

Sa chás gur féidir rud a dheisiú seachas ceann úr a chur isteach, beidh méid an deontais i gcónaí ag teacht le costas an deisithe seachas le rud úr a chur isteach, e.g. Deisiúcháin ar ghlais / laistí / séalaí / slapair / saiseanna. Ní bheidh aon deontas ar fáil le gloine úr a chur isteach in áit pánaí gloine lochtacha.

Díon

Chun a bheith i dteideal deontais, caithfear fianaise a bheith ann go bhfuil treá uisce ann / damáiste inmheánach á dhéanamh mar gheall ar an riocht ina bhfuil an díon cheana féin. Caithfidh na hoibreacha deisiúcháin a bheith riachtanach de bharr an díon a bheith ag deireadh a ré nádúrtha agus chan mar gheall ar dhrochdhearadh / drochthógáil / droch-obair nuair a tógadh ar dtús é. Is beag seans, mar sin, go mbeadh díon a tógadh le 25 anuas incháilithe. Sa chás go measann innealtóir struchtúrtha láncháilithe go bhfuil díon atá ann cheana féin contúirteach, bheadh sin incháilithe le haghaidh deontais. Is é an chéad rogha a chuirfear sa mheá ná an féidir an díon a dheisiú seachas ceann úr a thógáil. Más féidir é a dheisiú, beidh méid an deontais ag teacht le costas an deisithe seachas an costas le ceann úr a chur isteach, ar bhonn pro rata. Ní bheidh tacaíocht airgid ar fáil fá choinne damáiste (slinnte/tíleanna briste etc) a dhéantar don díon le linn aeróga / miasa satailíte a chur suas.

Simléar

Ó thaobh an tsimléir de, caithfidh fianaise a bheith ann go bhfuil scoilteanna móra / treá uisce tarlaithe do na ballaí laistigh agus / nó droch-theip ar líneáil an tsimléir agus / nó dochar struchtúrtha. Caithfidh na hoibreacha deisiúcháin a bheith riachtanach de bharr an simléir a bheith ag deireadh a ré nádúrtha trí ghnáthúsáid fhadtéarmach agus trí shíonchaitheamh, agus sin amháin, agus chan mar gheall ar dhrochdhearadh / drochthógáil / droch-obair nuair a tógadh ar dtús é. I dtaca leis seo de, ní dócha mar sin go mbeadh Simléar a tógadh le 25 bliana anuas incháilithe.

I measc na n-oibreacha deisiúcháin atá incháilithe tá athlíneáil, atógáil, coróin, caipíní, deisiú scoilteanna, piocadh agus plástráil, uiscédhíonadh agus luaidh úr a chur isteach. Nuair is féidir rud éigin a dheisiú seachas rud úr a chur isteach beidh an deontas ag teacht le costas na hoibre deisiúcháin seachas le costas an ruda úir.

Ní bheidh na rudaí seo a leanas incháilithe le haghaidh deontais: Dochar déanta de bharr aeróga / miasa a chur suas. Dochar déanta de bharr breoslaí mí-oiriúnacha / teochtaí dócháin mí-oiriúnacha a úsáid. Dochar déanta ag tinte simléir agus / nó de bharr gur theip ar dhuine an simléir a ghlanadh go rialta.

Tirimlíneáil / Plástráil

Má tá treá uisce tríd na ballaí ar theach, nó má tá teach, nó cuid de tógtha le bloic sholadacha/cloch sholadach, d'fhéadfadh sé go mbeifí i dteideal deontais fá choinne tirimlíneála/plástrála.

Athshreangú

Caithfidh sé a bheith deimhnithe go bhfuil an sreangú atá ann cheana féin contúirteach, agus go bhfuil na hoibreacha deisiúcháin riachtanach, agus gur tharla sin de bharr an sreangú reatha a bheith ag deireadh a ré nádúrtha, agus ar an chúis sin amháin. Mar sin de, áit chónaithe a tógadh le linn na 1990aidí nó níos moille ní dócha go mbeadh incháilithe. Is riachtanach tuairisc iomlán ar an sreangú atá ann faoi láthair, chomh maith le moltaí, ó leictreoir atá ceadaithe ag RECI/ECSSA a chur isteach leis an iarratas (ag leagan amach go soiléir na hoibreacha atá de dhíth leis an sreangú a dhéanamh sábháilte nó le é a thabhairt suas go dtí caighdeáin reatha an RECI / ECSSA).

Nuair is féidir sreangú a uasghrádú seachas sreangú úr a chur isteach beidh an deontas ag teacht le costas na hoibre uasghrádaithe seachas le costas le haghaidh sreangú úr.

Beidh gá le teastas RECI/ECSSA a chur isteach ó leictreoir ceadaithe le híocaíocht a fháil don deontas nuair a bheas an obair ar fad curtha i gcrích.

Aláraim Dheataigh

Moltar go láidir gur chóir don iarratasóir aláraim aláraim deataigh a chur san áireamh in aon oibreacha atá le déanamh, mura bhfuil siad ar fáil san áit chónaithe cheana féin. Is é an rogha is fearr ná soláthar a dhéanamh d'aláram deataigh leictreach i gcomhar le haon oibreacha athshreangaithe atá ar siúl.

Nó mar mhalairt air sin, ar a laghad, ba chóir dhá aláram ghlanscartha a chur isteach a bhfuil cadhnra deich mbliana iontu. I gcásanna mar sin, tá sé tábhachtach a chinntiú go seiceáiltear na cadhnra go minic, agus go gcuirtear cinn úra isteach nuair is gá.

Oibreacha Feabhsúcháin Radóin

Íocfar deontas le haghaidh oibreacha feabhsúcháin ar na tithe sin amháin a bhfuil leibhéil thagartha de 200 Bq/m³ agus níos mó acu. Is féidir leibhéil radóin a thomhas ach gléas monatóireachta a shuiteáil. Tá siad le fáil ón RPII (an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch), 3 Cearnóg Chluain Sceach, Bóthar Chluain Sceach, Baile Átha Cliath 14, Guthán: 01 269 77 66.

Beidh na cineálacha oibreacha feabhsúcháin radóin a bheas riachtanach ag brath ar an leibhéal tagartha.

Meastar na hoibreacha feabhsúcháin seo a leanas a bheith fóirsteanach i dtithe a bhfuil tomhais idir 200 Bq/m³ agus 400 Bq/m³ ag baint leo:

Séalú urlár agus ballaí;

Aeráil istigh a mhéadú, mar shampla, bacanna a bhaint de ghaothairí;

Gaothairí breise balla a sholáthar;

Aeráil faoin urlár a mhéadú, .i. gaothairí breise fo-urláir nó brící aeir a shuiteáil, nó cinn nua a chur isteach in áit na gceann atá ann cheana féin.

Sna tithe sin a bhfuil leibhéal tagartha de 400 Bq/m³ agus níos mó iontu, is iad na hoibreacha feabhsúcháin is fóirsteanáí sumpá éighníomhach nó feansumpá a shuiteáil.

Sula gceadófar deontas fá choinne Oibreacha Radaíochta Radóin, is gá go mbeidh an Chomhairle sásta maidir lena fhóirsteanáí atá na hoibreacha feabhsúcháin atá á moladh. Is gá an luach is fearr agus is féidir ar airgead a thabhairt san áireamh fosta.

Níl deontas fá choinne Oibreacha Feabhsúcháin Radóin ar fáil mar oibreacha iontu féin. Caithfear iad a dhéanamh mar chuid d'oibreacha eile faoin scéim seo. Lena chois sin, níl deontas ar fáil le hóc as na buntomhais radóin a dhéanamh i dteach ná fá choinne atástála ar thithe i ndiaidh don fheabhsúchán a bheith déanta.

Áiseanna Uisce / Séarachais

Sa chás nach bhfuil aon áiseanna uisce / séarachais san áit chónaithe faoi láthair, is féidir go gcuirfí sin san áireamh sna hoibreacha. Sampla de sin is ea nuair nach mbeadh de sholáthar uisce faoi láthair ach sconnas lasmuigh nó más leithreas lasmuigh atá ann faoi láthair.

Ós rud é go bhfuil deontais eile ar fáil ón Rannóg Uisce, Timpeallachta agus Éigeandála fá choinne soláthar uisce ó thoibreacha, ní chlúdaítear é seo faoin Scéim Deontais do Dhaoine Scothaosta.

Téamh Lárnach / Inslíú

Tá cuidiú ar fáil ó Údaráis/Áisíneachta eile do na hoibreacha seo.

Eile

Féadfar deisiúcháin nó feabhsúcháin bheaga eile a chur san áireamh sa chás go meastar iad a bheith riachtanach. Sampla de seo is ea deisiú síleála / urláir.

Leibhéal an Deontais

Ní bheidh méid an deontais atá ar fáil níos mó ná 95% de chostas ceadaithe na n-oibreacha, suas go dtí uasmhéid de €8,000.00

Baineann na srianta seo a leanas leis na heilimintí is comónta oibre, agus is gá tástáil acmhainne a dhéanamh i dtaca le leibhéal an deontais atá ar fáil do gach eilimint (i.e. Idir 30% agus 95% de na hoibreacha ceadaithe in achan chás).

Deisiúcháin Struchtúrtha (Díon, Ballaí, Simléar etc.)	€6,750
Deisiúcháin ar Fhuinneoga / ar Dhoirse, nó cinn úra a chur isteach	€3,150
Athshreangú	€1,850
Seirbhísí Uisce agus Sláintíochta	€1,000
Tirimlíneáil	€1,000
<u>Feabhsúcháin Radóin</u>	
200Bq/m ³ – 400Bq/m ³	€250
Os cionn 400Bq/m ³	€750
Oibreacha eile deisiúcháin nó feabhsúcháin a meastar iad a bheith go réasúnta riachtanach	€1,000

Nóta: Tá na teorainneacha thuas bunaithe ar shraith iomlán oibreacha a bheith riachtanach faoi eilimint ar leith oibreacha. Mar shampla, nuair a bhítear ag déanamh obair dheisiúcháin ar an díon, ar na ballaí nó ar na simléir san áit chónaithe, ní cheadaítear an méid iomlán de €6,750 ach amháin sa chás go bhfuil gá le gach ceann de na trí ghné den obair. Ach mura bhfuil i

gceist ach athlíneáil an tsimpléir, nó díon úr ar chúl an tí, atá riachtanach, bheadh méid an deontais níos lú.

Sa chás go gcuireann tógálaí meastachán isteach atá níos lú ná na luachanna atá luaite thuas, nó sa chás, i gcúinsí ar leith, go gcreideann an Chomhairle nach bhfuil an costas iomlán inchosanta; laghdófar méid an deontais dá réir.

Leagtar amach sa tábla thíos méid an deontais atá ar fáil bunaithe ar mheasúnú ar theacht isteach an líon tí.

Oll-ioncam comhlán an líon tí sa bhliain	% de na costais ar fáil	Uasdeontas ar fáil
Suas go dtí €30,000	95%	€8,000
€30,001 - €35,000	85%	€6,800
€35,001 - €40,000	75%	€6,000
€40,001 - €50,000	50%	€4,000
€50,001 - €60,000	30%	€2,400
Os cionn €60,000	Níl aon deontas iníoctha	

Mar shampla, má tá deontas á íoc, chun athshreangú a dhéanamh, le duine a bhfuil oll-ioncam tí de €32,000 aige nó aici, is é méid an deontais atá iníoctha ná €1,572.50 (85% de €1,850)

Ioncam Tí

Ós rud é go ndéantar tástáil acmhainne i dtaca le hiarratais ar dheontais, caithfear fianaise i dtaca le hioncam an tí a chur isteach le gach iarratas. Déantar ioncam an tí a ríomh ó oll-ioncam bliantúil úinéir na maoine sa bhliain chánach dheireanach, chomh maith le hioncam a c(h)éile / p(h)áirtí, más infheidhme, agus aon duine fásta eile a bhfuil cónaí orthu sa teach i.e. Iad siúd os cionn 18 (nó os cionn 23 má tá cúrsa lánaimseartha oideachais ar siúl acu). Déantar neamhaird ar ioncam ó roinnt foinsí ar leith, mar shampla Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh, Deontas Cúram Faoisimh, Sochar / Liúntas Cúramóra, Liúntas Breosla, Liúntas Cúram Altrama, Fordheontas Luathchúram Leanaí agus Sochar Leanaí. Lena chois sin, tá liúntas de €5,000 ann do gach duine den líon tí atá 18 mbliana d'aois nó faoi sin agus do gach duine den líon tí atá idir 18 mbliana agus 23 bliana d'aois agus atá ag freastal ar oideachas lánaimseartha nó atá páirteach i bprintíseacht de chuid FÁS. Caithfear fianaise a sholáthar ó fhoras Oideachais / Oiliúna do bhaill den líon tí idir 18 agus 23 bliana d'aois agus atá i mubn oideachais lánaimseartha nó i mbun printíseachta FÁS.

Pinsinéirí

Duine atá éirithe as fostaíocht inárachais agus atá ag fáil

- Pinsean Stáit (Aistriú)
- Pinsean Stáit (Ranníocach)
- Liúntas Réamhscoir
- Pinsean Thar Lear

Caithfidh sé nó sí Ráiteas Ioncaim don bhliain chánach dheireanach a chur isteach, ón Roinn Coimirce Sóisialaigh / Roinn Rialtais Thar Lear agus P60 ón fhostóir deireanach, nuair is cuí, nó Ráiteas Comhardaithe P21.

Duine a fhaigheann

- Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach)

Caithfidh sé / sí fótachóip den duillín íocaíochta s'acu ó An Post a chur isteach, nó Ráiteas Comhardaithe P21 don bhliain chánach dheireanach.

Oibríthe ÍMAT

Duine atá fostaithe caithfidh sé nó sí P60 nó Ráiteas Comhardaithe P21 a chur isteach don bhliain chánach roimhe.

Féinfhostaithe / Feirmeoirí

Iad siúd a thagann faoin aicme seo, caithfidh siad Foirm Mheastacháin Cáin Ioncaim a chur isteach, chomh maith le cóip de na cuntais don bhliain chánach roimhe.

Daoine a fhaigheann Leas Sóisialta (níl an liosta seo cuimsitheach)

- Pinsean Ranníocach Baintrí / Baintreach Fir
- Pinsean Neamh-Ranníocach Baintrí / Baintreach Fir
- Sochar Breoiteachta
- Pinsean Easláine
- Liúntas Míchumais
- Pinsean do Dhaoine Dalla
- Sochar / Liúntas Cúramóra
- Sochar Gortaithe

Caithfidh siad Ráiteas Ioncaim don bhliain chánach roimhe a chur isteach, ón Roinn Coimirce Sóisialaí nó Ráiteas Comhardaithe P21 don bhliain chánach roimhe.

Tuilleamh ó Airgead Sábháilte nó ó Infheistíochtaí

Caithfear teastas úis nó teastas díbhinne a chur isteach

CAITHFEAR FIANAISE AR IONCAM LÍON TÍ A CHUR ISTEACH I DTAOBH ÚINÉIR NA MAOINE AGUS, MÁ BHAINNEANN LE CÁS, I DTAOBH A C(H)ÉILE / A P(H)ÁIRTÍ AGUS AON DUINE FÁSTA EILE A BHFUIL CÓNAÍ ORTHU SA TEACH I.E. IAD SIÚD ATÁ OS CIONN 18 MBLIANA (NÓ OS CIONN 23 MÁ TÁ SIAD I MBUN OIDEACHAS LÁNAIMSEARHA)

Fianaise ar Úinéireacht

Sa chás go n-aithnítear duine, seachas an duine a mheastar go ginearálta a bheith ina cheann tí, sa chás go n-aithnítear duine eile mar úinéir na maoine, eg mac / iníon nó duine eile, ba chóir fianaise ar úinéireacht a chur isteach leis an iarratais le moilleanna a sheachaint nuair a bheifear ag plé leis an iarratas. Sampla de chomhthéacs eile nuair a ba chóir fianaise ar úinéireacht a chur isteach ná nuair is duine eile seachas an phríomh-shaothraí atá luaite mar

úinéir na maoinne. Ba chóir an fhianaise sin a bheith i bhfoirm cóip de dhoiciméadú nó deimhniú teidil ó dhlíodóir gurb ionann an duine ainmnithe agus úinéir cláraithe na maoinne nó go bhfuil iarratas á dhéanamh chun go gclárófaí mar úinéir iad. Ba chóir a thabhairt faoi deara gur féidir leis an Údarás Áitiúil fianaise ar úinéireacht a lorg in aon chás a shíleann sé a bheith ceart agus cuí.

Cáin Mhaoine Áitiúil (CMÁ)

Caithfear cruthúnas a chur isteach leis an iarratas go bhfuil gach rud in ord maidir le CMÁ. Gheofar an t-eolas seo i bhfoirm cóip phriontáilte de leathanach stair na maoinne ón chóras CMÁ ar líne. Sa chás nach bhfuil teacht ag an iarratasóir ar an chóras ar líne, ba chóir dóibh teagmháil a dhéanamh le líne chabhrach an CMÁ ar 1890 200255.

Sa chás nach bhfuil úinéir na maoinne ina chónaí sa teach atá i gceist san iarratas, caithfear cruthúnas géilliúntais i dtaca leis an ‘dá’ theach a chur isteach isteach.

Tá géilliúntas leis an CMÁ riachtanach ar an dáta a fhaightear an t-iarratas agus ar an dáta a íoctar an deontas.

Teastas Dochtúra

Sa chás gur riachtanach na hoibreacha atá á moladh chun cóiríocht cheart a chur ar fáil d’aon duine den líon tí a bhfuil tinneas ar leith air/uirthi, caithfear teastas dochtúra (foirm HO2) a bheith comhlánaithe agus sínithe ag an dochtúr agus a stampa a bheith air.

Luachan d’Oibreacha

Caithfear luachan miondealaithe amháin, lena dtugtar sonraí na n-oibreacha atá á moladh, a chur isteach leis an iarratas.

Riachtanais Chánach

Leagtar amach i bhFoirm HO3 an t-eolas atá le cur isteach ag an iarratasóir agus ag an chonraitheoir i dtaca le riachtanais chánach. I gcás an iarratasóra, den chuid is mó, níl de dhíth ach uimhir thagartha cáin ioncaim chomh maith le deimhniú go bhfuil gnoithe cánach an iarratasóra in ord.

I gcás an chonraitheora, caithfear deimhniú imréitigh cánach bailí a chur ar fáil in achan chás.

Mar mhalairt ar an iarratasóir / an chonraitheoir deimhniú imréitigh cánach bailí a chur ar fáil, is féidir leo cead a thabhairt don Údarás Áitiúil a dheimhniú go leictreonach go bhfuil deimhniú bailí aige / aici tríd an áis dheimhniúcháin ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim a úsáid. Chun úsáid a bhaint as an rogha seo caithfidh gur ar líne a cuireadh an bun-iarratas isteach chuig na Coimisinéirí Ioncaim do Dheimhniú Imréiteach Cánach nó caithfidh deimhniú a bheith déanta ag an iarratasóir san iarratas “páipéir” go n-aontaíonn sé/sí go mbeidh tríú páirtithe in ann a stádas a fhíorú ar líne.

Caithfidh an tImréiteach Cánach a bheith bailí ar an dáta a fhaightear an t-iarratas agus ar an dáta a íoctar an deontas.

Tús a chur leis na hoibreacha

Ní féidir tús a chur le hoibreacha go dtí go gCeadáítear an Deontas. Ní dhéanfar iarratais a mheas sa chás go bhfuil tús curtha le hoibreacha cheana féin.

Sláinte & Sábháilteacht

Cuirtear i gcuimhne d'iarratasóirí go leagann an Rialachán um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas san Obair (Tógáil) 2013 freagrachtaí úra ar dhaoine atá ag socrú obair thógála ina dteach féin.

I measc na bhfreagrachtaí seo, tá freagracht ann chun daoine cumasacha agus conraitheoirí cumasacha a cheapadh leis an obair a dhéanamh.

[Féach, le do thoil, An Treoir d'Úinéirí Tí i dtaca le hObair Thógála a Shocrú, a d'fhoilsigh an tÚdarás um Shábháilteacht agus Sláinte agus atá ar fáil ar an suíomh idirlín s'acu ar \[www.hsa.ie\]\(http://www.hsa.ie\)](http://www.hsa.ie)

Na hoibreacha a mhaoirsiú

Ní bheidh an Chomhairle freagrach as aon chailteanas ná aon damáiste a d'fhéadfadh a tharlú don iarratasóir de bharr aon fhabht sna hoibreacha, bíodh sin fabhtanna struchtúrtha nó eile. Ba chóir d'iarratasóirí a fhios a bheith acu gur ar mhaithe le heolas na Comhairle, agus sin amháin, a dhéanfaidh aon bhall foirne de chuid na Comhairle nó de chuid ghníomhairí na Comhairle na scrúduithe ar na hoibreacha, lena dheimhniú, trí shúil agus trí scrúdú gairid, go bhfuil na hoibreacha curtha i gcrích, agus ní ghlacann an Chomhairle le haon dualgas cúraim, bíodh sin reachtúil nó de réir an dlí chomónta, i dtaca leis an iarratasóir lena chinntiú go bhfuil na hoibreacha déanta mar is ceart nó saor ó aon locht. Tá sé chun leasa an iarratasóra, mar sin, duine a bhfuil na cáilíochtaí cuí aige nó aici a fhostú leis na hoibreacha a mhaoirsiú lena chinntiú go ndéanfar na hoibreacha mar is ceart agus saor ó aon locht.

An Deontas a Íoc

Is le seic a íocfar an deontas nuair a bheas na hoibreacha curtha i gcrích chun sástachta na Comhairle. An sonrasc a fuair tú ón Chonraitheoir a rinne na hoibreacha ar tugadh an deontas dóibh, caithfear é sin a chur isteach leis an iarratas ar íocaíocht. Déanfar sonraí Imréiteach Cánach an Chonraitheora (agus an iarratasóra nuair is cuí) a sheiceáil arís ag an staid seo, agus má tá siad as dáta, beidh gá le teastais nuashonraithe. Ar an dóigh chéanna, déanfar an scéala i dtaca le Cáin Maoine Áitiúil a sheiceáil agus má tá gá le cruthúnas uasdátaithe, iarrfar sin. Bainfidh seo níos mó le cásanna nuair a bheas an deontas á íoc le linn bliana nach ionann agus an bhliain a ndearnadh an t-iarratas. Ní féidir seic a bhriseadh ach amháin trí lóisteáil a dhéanamh isteach i gcuntas bainc duine aonair. Is féidir le hiarratasóir íocaíocht an deontais a cheadú chuig an chonraitheoir más gá.

Oibreacha a Chotheabháil / Dara Deontais a Íoc

Is é an t-iarratasóir / úinéir an tí atá freagrach, go huile is go hiomlán, as na hoibreacha críochnaithe, agus trealamh ar bith a soláthraíodh faoin scéim, a chotheabháil. Ní íocfar deontas le haghaidh oibreacha ar tugadh deontas dóibh roimhe seo. Ní íocfar an dara deontas ach amháin i gcásanna nuair atá oibreacha difriúla de dhíth ar áit chónaithe duine scothaosta, agus nár tugadh deontas do na hoibreacha sin roimhe. Sa chás go bhfuil an dara deontas le híoc, beidh sé seo teoranta go dtí uasmhéideanna, agus cuirfear sa réicneáil an méid a íocadh sa chéad deontas.

An Dóigh le hAchotharc a Dhéanamh

Agus iarratais á bpróiseáil faoin Scéim Deontais do Dhaoine Scothaosta aithníonn an t-údarás go bhféadfadh roinnt iarratasóirí a bheith míshásta le cinneadh an údaráis. Tabharfaidh an t-údarás deis achomhairc do gach iarratasóir, agus beidh sé nó sí in ann oifigeach eile a fháil leis an chinneadh a rinneadh sa chás a athbhreithniú.

Seo a leanas an nós imeachta a bheas i bhfeidhm in achan achomharc:

Tugtar cuireadh d'iarratasóirí achomharc scríofa a chur isteach maidir le haon chinneadh ar thug an t-údarás áitiúil fógra dóibh fá dtaobh dá n-iarratais, laistigh de 3 seachtaine ó dháta an chinnidh, agus ag tabhairt fáthanna leis an achomharc. Déanfar an t-achomharc a mheas agus a athbhreithniú laistigh de 4 seachtaine ón lá a fhaightear é. Tabharfar fógra faoin chinneadh ar an achomharc do gach iarratasóir laistigh de 2 sheachtain ón lá a dhéantar an cinneadh.

D'Iarratas a chur isteach

Nuair a bheas an t-iarratas líonta isteach agat ba chóir é a sheoladh ar ais chuig d'Ionad Seirbhíse Poiblí áitiúil ag an tseoladh seo a leanas:

Toghcheantar na nGleanntach, Bóthar Ghaoth Dobhair, An Clochán Liath

Toghcheantar Inis Eoghain, Bóthar Mhálanna, Carn Domhnach

Toghcheantar Leitir Ceanainn, Bóthar Neil T Uí Bhleine, Leitir Ceanainn

Toghcheantar Dhún na nGall, Droim Lonachair, Baile Dhún na nGall

Toghcheantar Shrath an Urláir, Teach an Chontae, Leifear

Uimhir Ghutháin do gach oifig: 074 91 53900

***MÁ TÁ CUIDIÚ DE DHÍTH ORT LEIS AN FHOIRM SEO A LÍONADH ISTEACH,
CUIR SCAIRT AR D'OIFIG ÁITIÚIL TITHÍOCHTA AG AN SEOLADH THUAS, AGUS
UIMHIR GHUTHÁIN THUAS.***